



2026/1712

21.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1712 ÓN gCOIMISIÚN
an 20 Iúil 2026

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaráithe eastóscáin ar mhórán lúitéine, agus eastóscáin lúitéine/seaxaintine, ó *Tagetes erecta* mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh éanlaith chlóis (seachas turcaithe) a bhfuiltear lena ramhrú agus lena dtógáil le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis a bhfuiltear lena ramhrú agus lena dtógáil le bheith ina mbéaróga agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaráithe eastóscáin ar mhórán lúitéine de *Tagetes erecta* L. le haghaidh turcaithe a bhfuiltear lena ramhrú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a mhodhnú.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh eastóscáin ar mhórán lúitéine agus eastóscáin lúitéine/seaxaintine ó *Tagetes erecta* ar feadh 10 mbliana mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh éanlaith chlóis (seachas turcaithe) a bhfuiltear lena ramhrú agus lena dtógáil le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis a bhfuiltear lena ramhrú agus lena dtógáil le bheith ina mbéaróga. Ina theannta sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 ón gCoimisiún ⁽³⁾ údaraíodh ullmhóid arb é atá inti eastóscán ar mhórán lúitéine de *Tagetes erecta* L. ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh turcaithe a bhfuiltear lena ramhrú.
- (3) I gcomhthéacs chur isteach an iarrtais ar údarú úsáide nua an bhreiseáin eastóscán ar mhórán lúitéine ó *Tagetes erecta* i mbeatha le haghaidh turcaithe a bhfuiltear lena ramhrú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, mheas an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') sa tuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2024 ⁽⁴⁾ nár athraíodh próiseas monaraíochta ná comhdhéanamh an bhreiseáin go substaintiúil i gcomparáid leis an eastóscán ar mhórán lúitéine mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097. Is é an chéad chuid den phróiseas monaraíochta, atá cosúil leis an gcuid a úsáidtear chun eastóscán lúitéine/seaxaintine a tháirgeadh, mar a luaitear sa tuairim ón Údarás an 3 Aibreán 2019 ⁽⁵⁾, ná peitil bláthanna triomaithe *Tagetes erecta* a eastóscadh le heacsán. Sa tuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2024 maidir le sonraíochtaí an bhreiseáin eastóscán ar mhórán lúitéine, mhol an tÚdarás gur cheart láithreach heacsáin sa bhreiseán a bheith faoi bhun theorainn Threoirlíne 290 mg/kg an Chomhair Idirnáisiúnta maidir le Comhchuibhiú Ceanglas Teicniúil i ndáil le Clárú Táirgí Cógaisíochta Tréidliachta. Ag a chruinniú iomlánach den Phainéal um Breiseáin agus Táirgí nó Substaintí a úsáidtear i mBeatha Ainmhithe ('FEGECP') an 24-26 Meitheamh 2025 ⁽⁶⁾, luaigh an tÚdarás go mbeadh feidhm ag an moladh céanna freisin maidir leis an eastóscán lúitéine/seaxaintine atá údaráithe san Aontas faoi láthair.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29; ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 maidir le heastóscáin ar mhórán lúitéine, agus eastóscáin lúitéine/seaxaintine, ó *Tagetes erecta* a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh éanlaith chlóis (seachas turcaithe) a bhfuiltear lena ramhrú agus lena dtógáil le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis a bhfuiltear lena ramhrú agus lena dtógáil le bheith ina mbéaróga (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 241, 27.7.2020, lch. 23; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1097/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2025 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti eastóscán ar mhórán lúitéine de *Tagetes erecta* L. mar bhreiseán beathaithe le haghaidh turcaithe lena ramhrú (IO L, 2025/1928, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1928/oj).

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(10), e9027. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9027>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2019;17(5):5698. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5698>.

⁽⁶⁾ Miontuairisc ón 183ú Cruinniú Iomlánach den Phainéal Eolaíoch um Breiseáin agus Táirgí nó Substaintí a úsáidtear i mBeatha Ainmhithe a tionóladh an 24-26 Meitheamh 2025.

- (4) Chun a áirithiú go gcomhlíonann na breiseáin eastóscáin ar mhórán lúitéine agus eastóscáin lúitéine/seaxaintine ó *Tagetes erecta* fós na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, ba cheart an tsonraíocht maidir leis an teorainn 290 mg/kg de heacsán sna breiseáin sin a léiriú sna húdaruithé ábhartha a dheonaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097, agus ba cheart heacsán a lua mar thuaslagóir a úsáidtear san eastóscadh le linn an phróisis monaraíochta. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 a leasú dá réir.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 foráiltear freisin nach mór na breiseáin eastóscán ar mhórán lúitéine agus eastóscán lúitéine/seaxaintine *Tagetes erecta* a chur ar an margadh agus a úsáid mar bhreiseáin atá comhdhéanta d'ullmhóid, ach go hearráideach níor sonraíodh comhdhéanamh na n-ullmhóidí sin i dtéarmaí an údaráithe. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tuairisc níos cruinne ar na breiseáin a údaraítear mar ullmhóidí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097, trína shonrú go n-áirítear i gcomhdhéanamh na mbreiseáin cion caraitéanóideach iomlán atá cothrom le 0,5 % nó níos mó ná sin, mar a shonraítear sa tuairim ón Údarás an 3 Aibreán 2019. Is iomchuí freisin foirmeacha féideartha na n-ullmhóidí a léiriú, ar ullmhóidí iad a d'fhéadfadh a bheith leachtach nó soladach, in ionad fhoirm na substainte gníomhaí. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 a cheartú dá réir.
- (6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 foráiltear freisin nár cheart an meascán de na breiseáin eastóscán ar mhórán lúitéine agus eastóscán lúitéine/seaxaintine *Tagetes erecta* le caraitéanóidigh údaráithe eile agus xantaifillí a bheith níos mó ná an t-uaschion a shocraítear le haghaidh na gcatagóirí comhfhreagracha ainmhithe. Níor cheart tagairt a dhéanamh san fhoráil sin do xantaifillí, i gcomhréir leis an moladh sa tuairim ón Údarás an 3 Aibreán 2019, ós rud é gur foghrúpa caraitéanóideach iad xantaifillí. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 a cheartú dá réir.
- (7) Ceartaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/420 a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de. Athraíodh deireadh na tréimhse údaráithe de dhearmad go dtí an 30 Meán Fómhair 2031, ach níor cheart é a mhodhnú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 a cheartú dá réir.
- (8) Le húdarú an bhreiseáin eastóscán ar mhórán lúitéine de *Tagetes erecta* le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928, déantar foráil maidir le téarmaí comhchosúla údaráithe i leith an bhreiseáin sin agus, dá bhrí sin, ba cheart an uimhir aitheantais chéanna a bheith san áireamh ann. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 a leasú dá réir.
- (9) An 15 Eanáir 2025, rinne an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar lúitéin a thabhairt cothrom le dáta. Tá feidhm ag an modh nua freisin maidir le heastóscáin ar mhórán lúitéine agus eastóscáin lúitéine/seaxaintine ó *Tagetes erecta* mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 a leasú dá réir.
- (10) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaráithe na n-eastóscán ar mhórán lúitéine agus eastóscáin lúitéine/seaxaintine ó *Tagetes erecta* a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirtréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascaíonn as na modhnuithe sin a chomhlíonadh.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán agus leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097

Cuirfear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097.

*Airteagal 2***Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928**

Sa chéad cholún den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928, cuirtear ‘2a161b’ in ionad na huimhreach aitheantais ‘2a161bi’.

*Airteagal 3***Bearta idirthréimhseacha**

1. Na breiseáin beathaithe eastóscán ar mhórán lúitéine de *Tagetes erecta* agus eastóscán lúitéine/seaxaintine ó *Tagetes erecta*, mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1097 iad, agus an breiseán beathaithe eastóscán ar mhórán lúitéine ó *Tagetes erecta* L., mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 é, agus réamhmheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 10 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 10 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 10 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 10 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de charaitéanóidigh iomlána/ kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Datháin. (ii) substaintí a chuireann dathanna ar bhia de bhunadh ainmhíoch nuair a úsáidtear in ábhar beatha d'ainmhithe iad								
2a161b	Eastóscán ar mhórán lúitéine	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid arb é atá inti eastóscán ar mhórán lúitéine de <i>Tagetes erecta</i> L. le caraitéanóidigh iomlána ≥ 0,5 % Beinséin ≤ 2 mg/kg Heacsán ≤ 290 mg/kg	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	80	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.	16.8.2030
		Foirm sholadach nó leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Lúitéin ó eastóscán gallúnaithe <i>Tagetes erecta</i> L. (peitil bláthanna triomaithe) a fuarthas trí eastóscadh le heacsán agus gallúnú: — Caraitéanóidigh iomlána: ≥ 60 g/kg — Lúitéin ≥ 75 % de charaitéanóidigh iomlána — Seaxaintin ≥ 4 % de charaitéanóidigh iomlána Foirmle cheimiceach: C ₄₀ H ₅₆ O ₂ Uimhir CAS 127-40-2 (lúitéin) Uimhir CAS 144-68-3 (seaxaintin) Uimhir Chomhairle na hEorpa: 494 <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir le lúitéin, seaxaintin agus caraitéanóidigh iomlána sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (CLAF) le speictreafótaiméadracht - monagraif ó FAO (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe) JECFA (an Comhchoiste Saineolaithe maidir le Breiseáin Bhia) 'Lúitéin ó <i>Tagetes erecta</i> ', Coimre Chomhcheangailte maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia	Béaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga	-	-	80	2. An meascán d'eastóscán ar mhórán lúitéine le caraitéanóidigh údaraithe eile, ní sháróidh sé cion iomlán caraitéanóideach de 80 mg/kg d'ábhar beatha iomlán. 3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint do na súile agus don chraiceann	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de charaitéanóidigh iomlána/ kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Maidir le caraitéanóidigh iomlána (lena n-áirítear lúitéin) i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: — Leachtchrómatagrafaíocht ardfheidhmíochta phas-aisiompaithe (CLAF) cúpláilte le brath UV - EN 17550						
2a161bi	Eastóscán lúitéine / seaxaintine	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid arb é atá inti eastóscán lúitéine/ seaxaintine de <i>Tagetes erecta</i> L. le caraitéanóidigh iomlána ≥ 0,5 % Beinséin ≤ 2 mg/kg Heacsán ≤ 290 mg/kg Foirm sholadach nó leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Eastóscán lúitéine/seaxaintine gallúnaithe/ isiméirithe ó pheitil bláthanna triomaithe de <i>Tagetes erecta</i> L. a fuarthas trí eastóscadh le heacsán, gallúnú agus isiméiriú: — Caraitéanóidigh iomlána:≥ 60 g/kg — Lúitéin ≥ 37 % de charaitéanóidigh iomlána; — Seaxaintin ≥ 36 % de charaitéanóidigh iomlána. Uimh. CAS 127-40-2 (lúitéin) Uimhir CAS 144-68-3 (seaxaintin) Uimhir Chomhairle na hEorpa: 494 Foirmle cheimiceach: C ₄₀ H ₅₆ O ₂	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	80	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh- mheascáin, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. An meascán d'eastóscán lúitéine/seaxaintine le caraitéanóidigh údaraithe eile, ní sháróidh sé cion iomlán caraitéanóideach de: a. 80 mg/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh sicíní lena ramhrú, le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus le haghaidh béaróg. b. 50 mg/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga.	16.8.2030
			Béaróga	-	-	80		
			Mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga	-	-	50		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarácháin
					mg de charaitéanóidigh iomlána/ kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		<i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir le lúitéin, seaxaintin agus caraitéanóidigh iomlána sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (CLAF) le speictreafótaiméadracht - monagraif FAO (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe) JECFA (an Comhchoiste Saineolaithe maidir le Breiseáin Bhia) 'Lúitéin ó <i>Tagetes erecta</i>', Coimre Chomhcheangailte maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia Maidir le caraitéanóidigh iomlána (lena n-áirítear lúitéin) i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: — Leachtchrómatagrafaíocht ardfheidhmíochta phas-aisiompaithe (CLAF) cúpláilte le brath UV - EN 17550					3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint do na súile agus don chraiceann.	

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.